# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Oíche Chultúir 2023- 'Mea Ghabhair'




D'fhéadfaí a rá nach mbeadh aon oíche níos oiriúnaí chun an dán físiúil 'Mea Ghabhair' a sheoladh ná Oíche Chultúir. Ceiliúradh a bhí anseo agus deis ómós a thabhairt do chartlann Éamonn De Buitléar a bronnadh ar Ollscoil na Gaillimhe roinnt blianta ó shin agus atá anois san Acadamh na hOllscoile i gCarna. Is ceiliúradh é an tionscadal seo ar oidhreacht an cheantair, ar chultúr comhaimseartha an cheantair, meas ar ár ndúlra, ceiliúradh agus tacaíocht dár n-ealaíontóirí cumasacha, malartú saineolas agus comhchruthú idir na glúnta.



Chuir Jackie Mac Donncha, file agus scríbhneoir aitheanta, tús lena chuid taighde roimh an bpaindéime agus d'oibrigh sé go dlúth le rannpháirtithe éagsúla chun an dán físiúil Mea Ghabhair a chur i gcrích. Thugadh sé cuairt go rialta ar Chartlann Acadamh na hOllscoile, Carna chun an script a chuir le chéile. Tar éis roinnt iarrachtaí, bhí an t-ádh linn an comhlacht scannánaíochta Oileán IT a fháil ar bord chun taifead a dhéanamh ar na míreanna éagsúla agus chun roinnt ábhar a thógáil ón gcartlann. Mar atá le feiceáil agus le cloisteáil sa bhfíseán, ghlac scoláirí óga an cheantair páirt i gceol, amhránaíocht, damhsa, ealaíon agus rinne siad tráchtaireacht ar an script féin. Rinneadh teagmháil le ceoltóirí a bhí lárnach i saol Éamon De Buitléar agus rinne siad píosa álainn taifeadta don fhíseán.

Is éard atá sa dán fhísiúil seo ná saibhreas na hoidhreachta a nascadh leis na meáin dhigiteacha agus an saibhreas cultúrtha, oidhreachta agus timpeallachta atá thart orainn a mheabhrú dúinn.

Bhí an t-ádh linn don Oíche Chultúir go raibh Áras na hOllscoile lán de mhuintir na háite, nuair a sheol Dónal Ó Braonáin, leachtóir do chuid na hOllscoile, an dán físiúil 'Mea Ghabhair'. Thug Jackie Mac Donnacha cúlra an tionscadail agus chuir grúpa leanaí óga Chomhaltas Charna taispéantas ar leith os ár gcomhair. Chuir Máirtín C. Ó Culáin clabhsúr spleodrach leis an oíche le píosa álainn ar an mbosca ceoil. Ar ndóigh, tá buíochas tuillte ag Catherine agus foireann Tigh Mheaic a bheathaigh go maith muid.

Ba mhaith linn buíochas speisialta a léiriú do fhlaithiúlacht chartlann Éamoinn De Buitléar agus, mar a deir an seanfhocal, ní neart go cur le chéile agus mar sin caithfear buíochas a ghlacadh le gach duine, eagraíocht, ceoltóir, dalta scoile, srl, a chuidigh leis an dán fhísiúil 'Mea Ghabhair' a chruthú agus a sheoladh d'Oíche Chultúir 2023:

- Forbairt Chonamara Láir Teo. & Coiste Stiúrtha PTCL
- Jackie Mac Donncha, File & Scríbhneoir
- Clann De Buitléar ar fad ach go háirithe Cian & Doireann De Buitléar
- Feidhlim Ó Cualáin - Oileán IT & chomhghleacaí Luc Ó Flatharta
- Foireann Acadamh na hOllscolaíocht, Carna - Dónall Ó Braonáin (Fear An Tí), Séamas Ó Concheanainn, Bríd Nic Dhonncha (Cartlann Acadamh na hOllscoile, Carna), Máire Bríd Breathnach (riarthóir an ionaid) & Máitiú Ó Maoilchiaráin
- Ríonach Ní Néill
- Briocán Bairéad – Iar-Oifigeach Pleanála Teanga
- Údarás Na Gaeltachta
- Rannpháirtithe na Scéimeanna fostaíochta
- Ealaín na Gaeltachta- Muireann Ní Dhroighneáin, Beartla Ó Flatharta, Michael Ó Fearraigh
- An Chomhairle Ealaíon
- Aoife Dowd - Ealaíontóir
- Scoláirí Scoil Phobail Mhic Dara- Abaigh Bairéad, Dara Ó Cualáin, Ciarán Mac Craith, Máirtín Ó Cuirrín, Keira Ní Chualáin, Ciara Ní Loideáin, Clíona Dunne, Róisín Ní Chlochartaigh, Sinéad Breathnach, Mac Dara Ó Maoláin agus Ciara Ní Mhaoilchiaráin
- Michael Ó hAlmháin, Ceoltóir & Iarbhall do Cheoltóir Laighean
- Mary Bergin, Ceoltóir & Iarbhall do cheoltóirí Laighean
- Máirtín C. Ó Cualáin, Ceoltóir
- Ailish Nic Ghiollaphádraic, Amhránaí
- Na damhsóirí álainn a rinne an píosa cruthaitheach damhsa agus a gcuid tuismitheoirí a thaca linn - Bridie Nic Ghiollaphádraic, Amy Nic Ghiollaphádraic, Cathy Uí Cheannabháin, Aoife Ní Cheannabháin, Róisín Ní Cheannabháin, Suzanne Uí Chonghaile, Sadhbh Ní Chonghaile, MaryAnn Neachtain, Shauna Ní Neachtain hAnnracháin, Zoey Ní Mhaoilchiaráin, Barbara Nic an Ríogh, Sarah Nic Dhonnacha & Úna Mhic Dhonnacha
- Máire Áine Uí Chuaig - Ceoltóirí Óga/Comhaltas Charna
- Clíona, Fiona, Catherine agus an fhoireann ar fad Tigh Mheaic
- Simon Boyle - Grianghrafadóir



















# SEAS 2023

**Tugann SEAS (Seisiún Eolais Agus Stocaireachta) Teachtaí Dála agus Seanadóirí le chéile le dul i mbun plé le grúpaí pobail, le hionadaithe ó na Dáilcheantair agus ó Chonradh na Gaeilge ar chás na Gaeilge agus na Gaeltachta.**

**D'fhreastail Forbairt Chonamara Láir Teo., ar an dá imeacht an 20 Meán Fómhair 2023 i mBaile Átha Cliath, áit a raibh deis acu bualadh le na polaiteoirí agus trí phríomhcheist a bhfuil práinn leo a phlé:**

**1. Infheistíocht in Infrastruchtúr na Gaeltachta**
**2. Tithíocht sa Ghaeltacht**
**3. An tacaíocht airgeadais leanúnach chun acmhainní daonna a choimeád agus a fhás sna ceantair Ghaeltachta chun forbairt pobail a chinntiú agus úsáid na Gaeilge a mhéadú sna pobail sin.**

**Phléigh foireann FCL Teo., an tábhacht agus an gá atá le céimeanna móra a ghlacadh chun maoiniú a dheimhniú d'fhonn marthanacht na gceantar Gaeltachta a chinntiú.**







## Fáilte roimh Dhaltaí nua na Chéad Bhliana



**Scoil Pobail Mhic Dara**



**Coláiste na bPiarsach**

# Clinicí Eolais i gcomhar le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe

**Cloisimid go laethúil go bhfuil easpa oibrithe i ngairmeacha agus earnálacha éagsúla, bíodh sé sin i gcúram leanaí, aire don aosach, san earnáil tógála nó eile. Ina thaobh sin, bheartaigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir i gcomhar le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe maidin eolais don phobal a reáchtáil, áit a mbeadh eolas le fáil maidir leis na tacaíochtaí foghlama agus na deiseanna forbartha pearsanta atá ar fáil sa limistéar.**

**I láthair an mhaidin sin bhí Gormfhlaith Ní Thuairisg agus Aisling Ní hUiginn ó Údarás Na Gaeltachta a roinn gach eolais linn maidir leis na deiseanna maoinithe, scoláireachtaí agus na printíseachtaí atá á gcur ar fáil ag Údarás na Gaeltachta. Mheabhraigh siad dúinn an bhéim atá á chur ag an Údarás ar oideachas maith Gaeltachta a bheith ar fáil don phobal agus an tÚdarás tiomanta go seasmhach oiliúint agus traenáil chuí a bheith ar fáil do na postanna ardchaighdeáin sna hearnálacha éagsúla a cheapann siadsan a mbeidh borradh fúthu sa todhchaí. Tá Feachtas Náisiúnta Printíseachta ar siúl, agus os cionn 60 printíseacht san iomlán ar fáil.**

**D'inis Mairéad Seoige agus Margaret Ní Chonaire dúinn faoin líon cúrsaí agus deiseanna foghlama atá ar siúl in Ionad Breisoideachais Ros Muc agus go deimhin é feicthe acu thar na mblianta an misneach agus an fhéinmhuinín a thugann na cúrsaí sin don phobal. Chomh maith le foghlaim is deis é chun sóisialú ar bhealach.**

**Rinne Mairéad Uí Dhomhnaill cur síos dúinn ar an líon mór cúrsaí agus caitheamh aimsire atá ar siúl ag GRETB Ghlinnsce & An Chaisil an fómhar seo lena n-áirítear Caoladóireacht, Dearadh Grafach, Táirgeadh Barraí Glasraí Lasmuigh agus tuilleadh.**

**Inár gcuideachta chomh maith bhí an múinteoir gairmthreorach Patricia Uí Fhlatharta chun eolas a roinnt maidir leis na deiseanna atá ann filleadh ar an gcóras oideachais.**

**Thug Emer Garvey ón Roinn Coimirce Sóisialaí eolas faoi na tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil maidir leis na deiseanna atá ann dul ar ais ag obair agus fiú na bealaí chun tús a chur le do ghnó féin.**

**Labhair Deirdre Nic Dhonnacha ó Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe faoi na cúrsaí agus an oiliúint a chuireann siad ar fáil don phobal.**

**Mar a deir an seanfhocal 'Tús maith, leath na hoibre' agus bheadh súil againn a leithéid seo do chlinic a reáchtáil arís sa todhchaí. Is deis iontach a bhí sa mhaidin seo eolas a bhailiú maidir leis na deiseanna atá againn anseo ar leac an dorais agus na bealaí atá ann chun féinmhuinín a spreagadh.**

**Má bhíonn aon eolas ag teastáil uaibh, ná bíodh aon leisce oraibh teagmháil a dhéanamh linn.**






## An Proiséis Athbhreithnithe ar Phlean Teanga Chonamara Láir

**Fáiltímid roimh an bhfógra le déanaí ó Aire Stáit na Gaeltachta Patrick O'Donovan, T.D., agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán go raibh tús á chur le hathbhreithniú ar an bPróiseas Pleanála Teanga. Chomh maith leis sin thug Micheál Ó Duibh ón gcomhlacht Barr Feabhais, atá roghnaithe chun an obair seo a dhéanamh, cuairt ar Chonamara Láir le gairid chun tuairisc a fháil faoi Phlean Teanga Chonamara Láir agus an t-idirbheartaíocht atá ar siúl chun an plean pobail seo, Plean Teanga Chonamara Láir, a chur i bhfeidhm.**

**Rinneadh cur i láthair os a chomhair chun a chur in iúl dó an méid atá bainte amach againn anseo i gConamara Láir ó seoladh an Plean in 2019. Bhí ríméad orainn a lua leis go bhfuil 51 beart as na 60 beart sa bhunphlean idir lámha, go bhfuil iarracht déanta ina leith nó go bhfuil siad i bhfeidhm ag an am seo.**

**I ndiaidh an chur i láthair, bhí deis aige bualadh le toscaireacht do Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir agus do Choiste Stiúrtha Fhorbairt Chonamara Láir áit ar cuireadh ceisteanna maidir leis an bPlean Reatha agus amach anseo.**

**I ndiaidh an chruinnithe, chuaigh muid ar chamchuairt timpeall an cheantair chun léirmheas a thabhairt ar tíreolaíocht an Limistéar Pleanála Teanga. Le linn an turais bhí deis aige cuairt a thabhairt ar Scoil Naomh Ciarán agus labhairt leis na páistí ansin maidir leis an Scéim 'Buddies' Gaeilge agus na Cairde Pinn. Thug muid cuairt ar Choláiste na bPiarsach, áit ar labhair sé leis an gCoiste Gaeilge. As sin, thug muid cuairt ar Phobal Mham Éan, áit ar léireoidh dó an tábhacht a bhain leis an bPleanáil Teanga sa chuid seo den cheantar. Lean ár dtriail chomh fada le Ionad na nImirceach, áit ar chuir Máirtín Ó Cathain agus foireann an Ionaid fáilte roimhe. Rinneadh cur síos ar na tacaíochtaí éagsúla atá curtha ar fáil ag Pleanáil Teanga d'imeachtaí/foilseacháin an Ionaid. Chuir Comhaltas Charna taispeántas ceoil ar bun a chuaigh i bhfeidhm go mór air. Cuireadh clabhsúr leis an lá le greim le hithe Tigh Mheaic.**

**Glacann foireann Pleanála Teanga Chonamara Láir buíochas le chuile duine a chabhraigh linn ar aon bhealach ar an lá. Go bhfága Dia bhur sláinte agaibh!**

## Seoladh an leabhar nua dathúcháin 'Spraoi/забава'

Sheol Forbairt Tuaithe na Gaillimhe agus Tuismitheoirí na Gaeltachta an leabhar dathúcháin Gaeilge/Úcráinise seo go hoifigiúil in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna an 18ú Meán Fómhair.

Áis nua foghlamtha Gaeilge atá sa leabhar seo atá dírithe ar ghasúir ón nGaeltacht agus ón Úcráin atá ag freastal ar scoileanna Gaeltachta. Tá cód QR leis an leabhar freisin ina bhfuil fuaimniú na bhfocal le fáil – i nGaeilge agus Úcráinis – ar láithreán gréasáin Thuismitheoirí na Gaeltachta. Is iad na daltaí ó Scoil Cholmáin, Muigh-Inis a rinne an taifead.

Is é Fearghas Mac Lochlainn a dhearadh na léaráidí spraíúla agus is í Nadia Dobrianska a d'aistrigh na liostaí focal agus frásaí ó Gaeilge go hÚcráinis.

Ba mhaith le foireann Chonamara Láir comhghairdeas a dhéanamh le gach duine a bhí páirteach sa leabhar álainn seo a chur i gcrích.



# Taispeántas Obair Phíosála

Reáchtáil Cairdeas Taispeántas Obair Phíosála an 22 Meán Fómhair 2023 in Ionad Cuimhneachán na nImirceach, áit a raibh rannpháirtithe ó na Ranganna Pobail arna maoiniú ag GRETB. Chas Nóra Bairéad & Gracie Nic an Iomaire ceoil ag an ócáid.

Tá na ranganna fuála agus obair phíosála ag tosú arís an 28 Meán Fómhair agus beidh siad ar siúl gach Déardaoin in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach ón 10:00 r.n. - 12:00 r.n. Tá fáilte roimh chách freastal ar na ranganna seo agus is deis iontach é chun scil nua a fhoghlaim i gcomhluadar deas le cupánín tae/caifé.






Bhuaigh foireann Carna Caiseal/ Na Piarsaigh cluiche ceannais f17 an Iarthar ar an 17ú Meán Fómhair. Maith sibh a leaids!



Comhghairdeas mór mílteach le foireann na gCailíní Charna Caiseal atá tar éis an Chraobh a bhuachaint









# Coirnéal Chomhrá



**Aoi na Míosa: Eithne Nic Dhonnchadha,**
**Stiúrthóir Aesop Teo.**

**1.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Cill Chiaráin.
**2.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Labhraíonn mé Gaeilge go laethúil.Tá céim sa Ghaeilge agam agus mhúin mé Gaeilge ar feadh na mblianta i mBaile Átha Cliath. Scríobhaim i nGaeilge freisin, tá mé ag scríobh leabhar i nGaeilge faoi láthair.
**3.An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Tá mé in ann mo chuid oibre ar fad a dhéanamh i nGaeilge.
**4.Céard é an béile is fearr leat?** Is breá liom bia mara, go h-áirithe muiríní
**5.Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Níl aon cheann speisialta. Nuair a théim amach i nGaillimh nó áiteanna difriúla téim go bialann Indiach nó Iodálach é sin ráite is breá liom Tigh Chadhain i gCill Chiaráin, bíonn an bia i gcónaí go han- mhaith.
6.Céard é an boladh is fearr leat? Boladh na farraige
**7.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?**
Nílim ag breathnú ar aon chlár ar leith, go h-iondúil breathnaím ar chláracha fáisnéise nó taistil.
**8.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?**
Ag snámh agus ag léamh. Bíonn cúpla leabhar á léamh agam ag an am céanna. Tá mé ag léamh 'The Genealogies, Tribe, and Customs of Hy-Fiachrach ' faoi Chlann O' Dubhda faoi láthair.
**9.An tsaoire is mó a bhfuil cuimhní agat uirthi & cén fáth?**
Saoire san Iodáil, thiomáin mé timpeall Lake Garda ar fad, bhí sé go hálainn, síos taobh amháin agus suas i dtreo na hAlps. Bhí an píosa gar do na hAlps cosúil le radharc ó scannán James Bond!
**10.Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?**
Scannán le Judy Dench agus Maggie Smith tá siad thar barr mar aisteoirí.
**14.Dá mbeadh tú chun leabhar a cheannach – cén sórt leabhar a cheannófa?**
**Is breá liom leabhair staire.**
**15.An noiméad den lá is fearr leat?** An maidin
**16.An t-am den bhliain is fearr leat?**
An Fómhar, tá na dathanna ar na cnoic agus na crainnte go hálainn.
**17.Aon chomhairle a cuireadh ort?**
Bi cineálta, tá buanna againn uilig,úsáid iad ar mhaithe leis an tsochai.

## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comhghairdeas mór le Christina Gannon a bhuaigh comórtas mhí Mheán Fómhair.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Seolaigí bhur ngrianghraif do chomórtas mhí Dheireadh Fómhair chuig ocpt@conamaralair.ie roimh an 23/10/2023 le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.

## Logainm na Míosa:

Béal an Átha Fada:

Oscailt do chaolsáile fada

## Seanfhocal na Míosa:

Má chailleann tú uair ar maidin, beidh tú á tóraíocht i rith an lae


### Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair


'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir


Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.